

An Bhruiséil, 22 Iúil 2026
(OR. en)

11674/26
ADD 1

FREMP 239
JAI 965
AG 114
POLGEN 189

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 900 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Tuarascáil 2026 maidir leis an Smacht Reachta Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 900 final.

Faoi iamh: COM(2026) 900 final ANNEX



An Bhruiséil, 17.7.2026
COM(2026) 900 final

ANNEX

LARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Tuarascáil 2026 maidir leis an Smacht Reachta

Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach

{SWD(2026) 901 final}	- {SWD(2026) 902 final}	- {SWD(2026) 903 final}	-
{SWD(2026) 904 final}	- {SWD(2026) 905 final}	- {SWD(2026) 906 final}	-
{SWD(2026) 907 final}	- {SWD(2026) 908 final}	- {SWD(2026) 909 final}	-
{SWD(2026) 910 final}	- {SWD(2026) 911 final}	- {SWD(2026) 912 final}	-
{SWD(2026) 913 final}	- {SWD(2026) 914 final}	- {SWD(2026) 915 final}	-
{SWD(2026) 916 final}	- {SWD(2026) 917 final}	- {SWD(2026) 918 final}	-
{SWD(2026) 919 final}	- {SWD(2026) 920 final}	- {SWD(2026) 921 final}	-
{SWD(2026) 922 final}	- {SWD(2026) 923 final}	- {SWD(2026) 924 final}	-
{SWD(2026) 925 final}	- {SWD(2026) 926 final}	- {SWD(2026) 927 final}	-
{SWD(2026) 928 final}	- {SWD(2026) 929 final}	- {SWD(2026) 930 final}	-
	{SWD(2026) 931 final}		

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA BEILGE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir leis an moladh aghaidh a thabhairt ar na heasnamh acmhainní struchtúracha sa chóras ceartais, lena n-áirítear plean le haghaidh acmhainní airgeadais breise. San am céanna, tá dul chun cinn teoranta déanta chun éifeachtúlacht an cheartais a fheabhsú, go háirithe d'fhonn fad na n-imeachtaí a laghdú. Ós rud é go bhfuil tuilleadh oibre fós le déanamh, moltar don Bheilg *leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh acmhainní struchtúracha sa chóras ceartais agus dlús a chur leis na hiarrachtaí leanúnacha chun éifeachtúlacht agus digiteáil an cheartais a fheabhsú, go háirithe d'fhonn fad na n-imeachtaí a laghdú, ar bhonn sonraí staidrimh cuimsitheacha.*
- Níl aon dul chun cinn déanta aici i ndáil leis an athchóiriú reachtaíochta a chur i gcrích maidir le brústocaireacht, creat a bhunú ina bhfuil clár trédhearcachta agus lorg reachtach, a chumhdaíonn feisirí Parlaiminte agus feisirí Rialtais araon. Ós rud é nach bhfuil aon bheart déanta chun é sin a thabhairt ar aghaidh, moltar don Bheilg *tús a chur arís leis an obair ar athchóiriú reachtach chun trédhearcacht na brústocaireachta a mhéadú i gcás feisirí Parlaiminte agus feisirí Rialtais araon.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir leis an gcreat ionracais a neartú trí rialacha a ghlacadh maidir le bronntanais agus sochair d'fheisirí Parlaiminte ós rud é go bhfuil easpa teorach coinceití fós ann d'fheisirí Parlaiminte maidir leis an gcineál bronntanas a bheadh inghlactha agus ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le rialacha a ghlacadh maidir le doirse imrothlacha d'fheisirí Rialtais agus dá n-oifigí príobháideacha. Ós rud é nár tugadh aghaidh ar na bearnaí sin sna rialacha ionracais go fóill, moltar don Bheilg *an creat ionracais a neartú, lena n-áirítear trí rialacha a ghlacadh maidir le bronntanais agus sochair d'fheisirí Parlaiminte agus rialacha maidir le doirse imrothlacha d'fheisirí Rialtais agus dá n-oifigí príobháideacha.*
- Níl aon dul chun cinn breise déanta maidir leis an gcreat le haghaidh rochtain ar dhoiciméid oifigiúla a neartú, go háirithe trí fheabhas a chur ar phróisis iarrata agus achomhairc, agus tá dréacht-reachtaíocht ábhartha fós ar feitheamh lena glacadh agus tá cuid den chreat reachtach atá ann cheana fós le cur chun feidhme. Dá bhrí sin, moltar don Bheilg *leanúint de na hiarrachtaí chun an creat maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla a neartú, go háirithe trí fheabhas a chur ar phróisis iarrata agus achomhairc, tríd an athchóiriú reachtach ar an ábhar sin a thabhairt chun críche, agus caighdeán Eorpacha maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla a gcur san áireamh.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le húdaráis phoiblí comhlíonadh rialuithe críochnaitheacha na gcúirteanna náisiúnta agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a áirithiú. Cé go leanann an Bheilg de bheith rannpháirteach sa phróiseas forghníomhaithe, tá breithiúnais fós gan chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, moltar don Bheilg *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh údaráis phoiblí rialuithe críochnaitheacha na gcúirteanna náisiúnta agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.*

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtacht na mbeart frithéillithe lena n-áirítear neamhspleáchas agus feidhmiú éifeachtach Ardchomhairle na mBreithiúna, agus neamhspleáchas agus feidhmiú rialtóirí a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Níl aon dul chun cinn déanta chun an creat reachtach a oiriúnú d'fhonn iasacht fhadtéarmach breithiúna a sheachaint chun poist fholmha a líonadh, ós rud é gur ábhar inní é fós úsáid fhorleathan iasachtaí. Moltar don Bhulgáir dá bhrí sin *bearta a dhéanamh chun an creat reachtach ábhartha a oiriúnú ionas nach dtabharfar breithiúna ar iasacht fhadtéarmach chun poist fholmha a líonadh, agus caighdeáin Eorpacha maidir le breithiúna a thabhairt ar iasacht á gcur san áireamh.*
- Níl aon dul chun cinn déanta chun tús a chur an athuair leis an bpróiseas chun Ardchomhairle na mBreithiúna a athchóiriú. Ós rud é nach bhfuil aon athrú ar an gcomhdhéanamh agus nach bhfuil aon dréacht-dlí curtha síos, moltar don Bhulgáir *Ardchomhairle na mBreithiúna a athchóiriú, go háirithe a comhdhéanamh, chun a neamhspleáchas agus a héifeachtacht a áirithiú, agus caighdeáin Eorpacha maidir le Comhairlí na mBreithiúna á gcur san áireamh.*
- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le cuntas teiste láidir a áirithiú i ndáil le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcásanna éillithe ardleibhéil. Dá bhrí sin, moltar don Bhulgáir *bearta a dhéanamh chun cuntas teiste láidir a áirithiú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcásanna éillithe ardleibhéil.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le feidhmíocht éifeachtach an Choimisiúin in aghaidh an Éillithe a áirithiú trí dhlí nua a ghlacadh lena n-athbhunaítear é agus lena dtugtar isteach nós imeachta nua chun a cheannaireacht a cheapadh. Dá bhrí sin, moltar don Bhulgáir *oibriochtú iomlán an Choimisiúin in aghaidh an Éillithe a áirithiú chun a fheidhmeanna coisctheacha agus imscrúdaitheacha a chomhlíonadh.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le feabhas a chur ar shláine na bpríomhfheidhmeanna feidhmiúcháin, ós rud é gur ullmhaíodh dréacht-chód iompair. Ós rud é go bhfuil na leasuithe reachtacha gaolmhara fós ar feitheamh, moltar don Bhulgáir *leanúint de na hiarrachtaí chun sláine na bhfeidhmeanna feidhmiúcháin is airde a neartú, agus caighdeáin Eorpacha á gcur san áireamh, go háirithe trína áirithiú go mbeidh caighdeáin shoiléire ionracais i bhfeidhm don Rialtas chomh maith le sásra smachtbhannaí iomchuí.*
- Níl aon dul chun cinn déanta chun feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis reachtaigh, ós rud é gur cúis inní i gcónaí é cur chun feidhme praiticiúil na rialacha parlaiminteacha maidir le reachtóireacht. Moltar don Bhulgáir dá bhrí sin *cáilíocht an phróisis reachtaigh a neartú trína áirithiú go n-úsáidfídh an Pharlaimint comhairliúcháin phoiblí agus measúnuithe tionchair le haghaidh tionscnaimh reachtacha.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Ghlac an Pharlaimint an t-athchóiriú reachtach a bhfuil sé d'aidhm aici feidhmiú na Cigireachta chuig Ardchomhairle na mBreithiúna a fheabhsú agus an baol go mbeadh tionchar polaitiúil ann a sheachaint. Leis an gcosaint atá ann cheana ar thromlach dhá thríán, agus ról nua na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí agus na ngiúistísí imscrúdaitheacha i dtaobh ceapadh comhaltaí den Chigireacht Bhreithiúnach, tugtar aghaidh ar na hábhair inní a bhaineann leis an mbaol go mbeadh tionchar polaitiúil i gceist leis an gCigireacht Bhreithiúnach. Dá bhrí sin, tá an moladh curtha chun feidhme ina iomláine.
- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir leis an obair a thabhairt chun críche arb é is aidhm di feabhas a chur ar thrédhearcacht i leithdháileadh fógraíochta stáit, go háirithe maidir le fógraíocht stáit atá ar conradh trí idirghabhálaithe, amhail gníomhaireachtaí meán, de réir mar atá dul chun cinn déanta sa phróiseas reachtach. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiríteofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA SEICIA

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Ós rud é go raibh moilleanna fós ar iarrachtaí chun an córas ceartais a dhigiteáil a thuilleadh, moltar don tSeicia *digiteáil an chórais ceartais a chur chun cinn, go háirithe tríd an gcóras comhad leictreonach a chur i bhfeidhm.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le bearta breise a dhéanamh chun fad na n-imeachtaí a laghdú agus chun neamhspleáchas an imscrúdaithe agus an ionchúisimh a áirithiú i gcásanna éillithe ardleibhéil de réir mar a rinneadh bearta chun feabhas a chur ar ghnéithe nós imeachta agus ar imscrúduithe agus ionchúisimh, lena n-áirítear i gcásanna éillithe ardleibhéil. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil meánfhad na n-imeachtaí sin fós ina shaincheist, moltar don tSeicia *bearta breise a dhéanamh chun fad na n-imeachtaí a laghdú agus chun neamhspleáchas an imscrúdaithe agus an ionchúisimh a áirithiú i gcásanna éillithe ardleibhéil, lena n-áirítear tríd an nós imeachta coiriúil a athchóiriú.*
- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le bearta breise a dhéanamh chun an creat ionracais do chomhaltaí uile na Parlaiminte a neartú, ós rud é nach ndearnadh tuilleadh dul chun cinn maidir le creat ionracais na Parlaiminte. Ós rud é go bhfuil bearnaí fós sna rialacha maidir le doirse imrothlacha d'fhormhór na n-oifigeach poiblí, moltar don tSeicia *bearta breise a dhéanamh chun an creat sláine a neartú, go háirithe trí na rialacha atá ann cheana a mhéid a bhaineann le doirse imrothlacha a chomhlánú.*
- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le hathbhreithnithe an athbhreithnithe ar an reachtaíocht maidir le coinbhleachtaí leasa, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil ós rud é nach ndearnadh aon bheart. Dá bhrí sin, moltar don tSeicia *an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le coinbhleachtaí leasa a thionscnamh an athuair, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil.*
- Ós rud é go bhfuil úsáid nósanna imeachta reachtacha a théann timpeall ar rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara, athbhreithniú idir-rannach agus measúnú tionchair tar éis éirí níos minice, moltar don tSeicia *bearta a dhéanamh chun trédhearcacht an phróisis reachtaigh agus comhairliúchán fóinteach le páirtithe leasmhara a fheabhsú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an úsáid a bhaintear go minic as nós imeachta mear agus as cleachtas rothaithe reachtacha.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le tuilleadh athchóirithe a bhaineann le trédhearcacht na faisnéise faoi úinéireacht na meán ós rud é go bhfuil dréacht-reachtaíocht fós ar feitheamh sa pharlaimint agus nár bunaíodh aon chlár trédhearcachta lánfheidhmiúil go foirmiúil. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA DANMHAIRGE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir leis an moladh an t-athbhreithniú ar an gcóras cúnamh dhlíthiúil a thabhairt chun críche, de réir mar a leanann Comhairle na mBreithiúna dá hobair. Dá bhrí sin, moltar don Danmhairg *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an t-athbhreithniú sin a thabhairt chun críche, agus caighdeáin Eorpacha maidir le cúnamh dlíthiúil á gcur san áireamh.*
- Níl aon dul chun cinn déanta chun rialacha a thabhairt isteach maidir le ‘doirse imrothlacha’ le haghaidh airí agus maidir le brústocaireacht agus rialú leordhóthanach a áirithiú ar dhearbhuithé sócmhainní arna gcur isteach ag daoine a bhfuil na feidhmeanna feidhmiúcháin is airde de chúram orthu, gan aon phlean a bheith ann rialacha den sórt sin a thabhairt isteach ná feabhas a chur ar rialú dearbhuithé sócmhainní. Moltar don Danmhairg dá bhrí sin *rialacha a thabhairt isteach maidir le ‘doirse imrothlacha’ le haghaidh airí agus maidir le brústocaireacht, agus rialú leordhóthanach a áirithiú ar dhearbhuithé sócmhainní arna gcur isteach ag daoine a bhfuil na feidhmeanna feidhmiúcháin is airde de chúram orthu.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir leis an moladh dul chun cinn a dhéanamh leis an athchóiriú ar an Acht um Rochtain ar Dhoiciméid Riaracháin Phoiblí de réir mar a lean an coiste saineolaithe dá obair d’fhonn athchóiriú den sórt sin a dhéanamh, ach níor cuireadh aon togra reachtach i láthair go fóill. Dá bhrí sin, moltar don Danmhairg *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul ar aghaidh leis an athchóiriú ar an Acht um Rochtain ar Dhoiciméid Riaracháin Phoiblí, agus caighdeáin Eorpacha maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla á gcur san áireamh.*

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA GEARMÁINE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn mór breise déanta maidir le hacmhainní na mbreithiúna a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin earcaíochta, tríd an gComhshocrú nua um an Smacht Reachta agus trí fheachtas comhpháirteach chun pearsanra cáilithe a mhealladh. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann, moltar don Ghearmáin *cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir leis an Smacht Reachta a thabhairt ar aghaidh a mhéid a bhaineann le hacmhainní daonna agus leis an digiteáil araon agus leanúint de bhearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin earcaíochta, agus caighdeáin Eorpacha maidir le hacmhainní don chóras ceartais á gcur san áireamh.*
- Níl aon dul chun cinn déanta i dtaobh dlús a chur leis na hiarrachtaí an 'lorg reachtach' a neartú chun taifead poiblí cuimsitheach a sholáthar chun ionchur brústocaireachta a chlárú agus chun an raon feidhme a leathnú chuig céim pharlaiminteach an nós imeachta reachtaigh. Ós rud é go bhfuil bearnaí fós ann, moltar don Ghearmáin *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun taifead poiblí cuimsitheach a sholáthar maidir le hionchur brústocaireachta sa phróiseas reachtach.*
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn breise chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le bunús dlí a chruthú do cheart chun faisnéise an phreasa a mhéid a bhaineann le húdaráis fheidearálacha, ós rud é nár saothraíodh ullmhúcháin inmheánacha a thuilleadh. Moltar don Ghearmáin dá bhrí sin *leanúint le bunús dlí le ceart chun faisnéise an phreasa a chruthú a mhéid a bhaineann le húdaráis fheidearálacha, agus caighdeáin Eorpacha maidir le rochtain ar dhoiciméid á gcur san áireamh.*
- Níl aon dul chun cinn déanta chun an stádas díolmhaithe ó cháin a oiriúnú d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, rud a dhéanann difear fós don tsochaí shibhialta sa chleachtas. Moltar don Ghearmáin dá bhrí sin *bearta a dhéanamh chun an stádas díolmhaithe ó cháin a oiriúnú d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thugann na rialacha is infheidhme atá ann faoi láthair maidir lena feidhmiú na n-eagraíochtaí sa chleachtas, agus caighdeáin Eorpacha maidir le cistiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta á gcur san áireamh.*

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA hEASTÓINE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta chun leanúint leis na hiarrachtaí chun an Chomhairle um Riar na gCúirteanna a athchóiriú. Dá bhrí sin, moltar don Eastóin *bearta a dhéanamh chun comhdhéanamh na Comhairle um Riar na gCúirteanna a oiriúnú, agus caighdeáin Eorpacha maidir le Comhairlí na mBreithiúna á gcur san áireamh.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Cuireadh chun feidhme go hiomlán an moladh maidir le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh le hiarrachtaí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach agus go héifeachtach an ceart rochtana ar fhaisnéis, agus caighdeáin Eorpacha maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla á gcur san áireamh, ós rud é go bhfeabhsóidh an t-athchóiriú ar an Acht um Fhaisnéis Phoiblí rochtain ar shonraí oscailte agus athúsáid sonraí oscailte.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA hÉIREANN

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le costais dlíthíochta a laghdú, ós rud é gur cuireadh i láthair Scéim Ghinearálta an Bhille um Athchóiriú Sibhialta lena dtugtar isteach roinnt príomh-athchóirithe atá dírithe ar chostais dlíthíochta a laghdú. Ós rud é nach bhfuil an t-athchóiriú glactha go fóill, moltar d'Éirinn *bailchríoch a chur ar an obair reachtach arb é is aidhm di costais na dlíthíochta a laghdú chun rochtain éifeachtach ar an gceartais a áirithiú, agus na caighdeáin Eorpacha maidir le costais dhíreireacha na dlíthíochta agus tionchar na gcostas sin ar an rochtain ar na cúirteanna á gcur san áireamh.*
- Tá dul chun cinn teoranta breise déanta chun an creat eitice atá ann cheana a neartú agus chun an córas dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigiteáil, agus tá iarrachtaí chun tús a chur le digiteáil dearbhuithe sócmhainní á mbreithniú laistigh den chreat atá ann faoi láthair. Ós rud é go bhfuil an 'Bille um Athchóiriú Eitice' fós á ullmhú agus gur gá digiteáil na ndearbhuithe sócmhainní faoin gcreat atá ann faoi láthair a chur chun feidhme fós, moltar d'Éirinn *leanúint de na hiarrachtaí chun an creat eitice atá ann cheana a neartú, lena n-áirítear cumas faireacháin agus forfheidhmithe an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, agus chun an córas dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigiteáil.*
- Rinneadh dul chun cinn teoranta maidir le haghaidh a thabhairt ar bhacainní dlíthiúla a bhaineann le rochtain eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chistiú, agus tá athbhreithniú cuimsitheach ar siúl go fóill ag an gCoimisiún Toghcháin ar an Acht Toghcháin, 1997. Moltar d'Éirinn *leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun dul i ngleic le dúshlán dhlíthiúla maidir le rochtain eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chistiú, mar chuid den athchóiriú níos leithne ar an Acht Toghcháin.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis an athchóiriú a thabhairt chun críche chun cistiú a sholáthar do na meáin seirbhíse poiblí is iomchuí chun a sainordú seirbhíse poiblí a shaothrú agus a neamhspleáchas á áirithiú, i bhfianaise glacadh an Bhille Craolacháin (Leasú). Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiríteofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.
- An moladh maidir leis an athchóiriú ar an Acht um Chlúmhilleadh a thabhairt chun críche chun an timpeallacht ghairmiúil le haghaidh iriseoirí a fheabhsú, agus na caighdeáin Eorpacha maidir le cosaint na n-iriseoirí á gcur san áireamh, tá sé curtha chun feidhme ina iomláine, i bhfianaise ghlacadh na reachtaíochta is gá.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA GRÉIGE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtúlacht an chórais ceartais a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le cuntas teiste láidir a bhunú maidir le hionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcásanna éillithe, ós rud é gur bunaíodh an creat dlíthiúil le haghaidh clár digiteach de chásanna éillithe agus go meastar go mbeidh an clár i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027; mar sin féin, ós rud é go bhfuil an líon ionchúiseamh agus breithiúnas críochnaitheach i gcásanna éillithe fós íseal, lena n-áirítear éilliú ardleibhéil, moltar don Ghréig *leanúint de na hiarrachtaí cuntas teiste láidir a bhunú maidir le hionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcásanna éillithe, lena n-áirítear éilliú ardleibhéil.*
- Níl ach dul chun cinn teoranta déanta maidir le feabhas a chur ar an gcreat brústocaireachta, ós rud é nach bhfuil aon reachtaíocht glactha lena leathnaítear an sainmhíniú ar bhrústocaire cé go bhfuil bearta cur chun feidhme agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta ar siúl. Dá bhrí sin, moltar don Ghréig *feabhas a chur ar an gcreat brústocaireachta, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar bhrústocaire agus trí chur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le coimircí reachtacha agus neamhreachtacha a neartú chun sábháilteacht agus cosaint iriseoirí a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann le cásanna dlí mí-úsáideacha, ós rud é go bhfuil bearta breise déanta agus go bhfuil dréacht-reachtaíocht in aghaidh CDSiaRP (cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí) á tabhairt chun críche. Moltar don Ghréig dá bhrí sin *an obair ar choimircí reachtacha agus neamhreachtacha a neartú chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus cosaint iriseoirí, go háirithe a mhéid a bhaineann le cásanna dlí mí-úsáideacha, i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana a glacadh, agus caighdeán Eorpacha maidir le cosaint iriseoirí á gcur san áireamh.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le hidirphlé struchtúrtha a fhorbairt le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (CSOnna), agus maidir le ceanglais chlárúcháin a shimpliú d'fhonn creat oscailte a choinneáil ar bun a oibreoidh siad, ós rud é gur leagadh síos an creat le haghaidh idirphlé struchtúrtha le CSOnna agus go ndearnadh roinnt beart chun ceanglais doiciméadachta a laghdú agus nósanna imeachta a chuíchóiriú. Ós rud é go bhfuil an t-idirphlé struchtúrtha fós le bheith tráthrialta agus marthanach agus go bhfuil an creat clárúcháin fós ilroinnte, moltar don Ghréig *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun idirphlé struchtúrtha tráthrialta marthanach le CSOnna a chomhdhlúthú, agus ceanglais chlárúcháin a shimpliú d'fhonn creat oscailte a choinneáil ar bun a oibreoidh siad.*

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA SPÁINNE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtúlacht an chórais ceartais á meabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Rinneadh roinnt dul chun cinn breise maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí breithiúna Chomhairle na mBreithiúna a cheapadh a oiriúnú, ós rud é go bhfuair an Chomhairle treoir ó Choimisiún na Veinése, ach níor thángthas ar aon chomhthoil maidir leis an bpróiseas a thabhairt chun críche. Ós rud é go bhfuil athchóiriú fós le glacadh, moltar don Spáinn *an próiseas a thabhairt ar aghaidh chun nós imeachta ceapacháin chomhaltaí breithiúna na Comhairle um na Breithiúna a oiriúnú, agus caighdeáin Eorpacha maidir le Comhairlí na mBreithiúna á gcur san áireamh, lena n-áirítear treoir Choimisiún na Veinése maidir leis an gcaoi le feabhas a chur ar an gcóras atá ann faoi láthair.*
- Rinneadh dul chun cinn mór chun reacht an Phríomh-Ionchúisitheora a neartú, ós rud é go bhfuil athchóiriú ar an gCód um Nós Imeachta Coiriúil á phlé sa Pharlaimint. Ós rud é go bhfuil an t-athchóiriú fós le glacadh, moltar don Spáinn *leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha chun reacht an Phríomh-Ionchúisitheora a neartú, go háirithe maidir le téarmaí oifige an Phríomh-Ionchúisitheora a scaradh ó théarmaí oifige an Rialtais, agus caighdeáin Eorpacha maidir le neamhspleáchas agus uathriail an ionchúisimh á gcur san áireamh.*
- Rinneadh roinnt dul chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar fhad na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh ar chásanna éillithe ardleibhéil mar thoradh ar iarrachtaí chun an líon foirne a mhéadú agus mar thoradh ar an athchóiriú a cuireadh síos ar an gCód um Nós Imeachta Coiriúil. Ós rud é go bhfuil dúshlán fós ann agus go bhfuil an dréacht-reachtaíocht chun éifeachtúlacht a mhéadú fós á plé sa Pharlaimint, moltar don Spáinn *an próiseas reachtach a thabhairt ar aghaidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód um Nós Imeachta Coiriúil chun an creat d'imscrúduithe agus d'ionchúisimh i gcásanna éillithe ardleibhéil a neartú, d'fhonn moilleanna a laghdú.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta chun na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa agus dearbhuithe sócmhainní daoine sna hardfheidhmeanna feidhmiúcháin a neartú. Ós rud é gur cuireadh síos an dréacht-Dlí Orgánach maidir leis an tSláine Phoiblí agus gur glacadh Plean an Stáit in aghaidh an Éillithe, ach nach bhfuil feabhas tagtha ar chur chun feidhme praiticiúil na rialacha atá ann cheana, moltar don Spáinn *an próiseas reachtach a thabhairt ar aghaidh chun rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa agus dearbhuithe sócmhainní daoine a bhfuil ardfeidhmeanna feidhmiúcháin acu a neartú, agus neamhspleáchas agus cumhachtaí éifeachtacha braite agus smachtbhannaí an chomhlachta maoirseachta inniúil a áirithiú.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le brústocaireacht, ós rud é nach bhfuil an dréacht-Dlí maidir le Trédhearcacht agus Sláine Ghníomhaíochtaí na nGrúpaí Leasmhara glactha go fóill ag an bParlaimint. Moltar don Spáinn dá bhrí sin *leanúint leis an nós imeachta leanúnach chun an reachtaíocht a ghlacadh maidir le brústocaireacht, agus clár phoiblí sainordaitheach brústocairí a bhunú freisin.*
- Rinneadh dul chun cinn mór maidir le rochtain ar fhaisnéis a neartú, go háirithe tríd an athbhreithniú ar an Dlí maidir le Rúin Oifigiúla. Dá bhrí sin, moltar don Spáinn *an obair*

maidir le rochtain ar fhaisnéis a neartú a thabhairt chun críche, go háirithe trí ghlacadh an Dlí maidir le Rúin Oifigiúla agus an Dlí maidir le Riarachán Oscailte, agus caighdedin Eorpacha maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla á gcur san áireamh.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA FRAINCE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le nósanna imeachta breithiúnacha a dhigiteáil. Ós rud é go raibh roinnt moilleanna ar an bpróiseas sin, moltar don Fhrainc *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun tionscadail leanúnacha atá dírithe ar imeachtaí cúirte sibhialta agus coiriúla a dhigiteáil a thabhairt chun críche.*
- Rinneadh roinnt dul chun cinn breise i ndáil leis an moladh maidir le brústocaireacht, go háirithe tríd an gcreat trédhearcachta maidir le gníomhaíochtaí tionchair eachtraigh a neartú. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid gníomhaíochtaí brústocaireachta a nochtadh ach amháin maidir le hionadaithe leasanna, moltar don Fhrainc *leanúint d'iarrachtaí chun trédhearcacht gníomhaíochtaí brústocaireachta a áirithiú trí raon feidhme na hoibleagáide maidir le nochtadh a leathnú, go háirithe chuig oifigigh ar an leibhéal feidhmiúcháin is airde.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta chun trédhearcacht úinéireacht na meán a fheabhsú, lena n-áirítear trí réamhbhunachar sonraí trédhearcachta a fhorbairt ag rialtóir na meán. Tá a imscaradh iomlán fós ag brath ar ghlacadh na mbeart reachtach is gá. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiríteofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA CRÓITE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtúlacht an chórais ceartais a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir leis an moladh éifeachtúlacht an cheartais a fheabhsú, go háirithe maidir le fad na n-imeachtaí i gcásanna dlíthíocha tráchtála agus sibhialta de réir mar a tháinig laghdú breise ar an riaráiste iomlán, agus is cúis mhór imní fós é fad na n-imeachtaí. Dá bhrí sin, moltar don Chróit *leanúint de na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht an cheartais a fheabhsú, lena n-áirítear trí athchóirithe bainistithe cásanna a thabhairt isteach i gcásanna dlíthíocha tráchtála agus sibhialta.*
- Tá dul chun cinn mór déanta d'fhonn éifeachtúlacht imscrúduithe agus ionchúiseamh cionta éillithe a mhéadú a thuilleadh, ós rud é gur tháinig Cód an Nós Imeachta Choiriúil agus an Dlí maidir le hOifig an Aturnae Stáit agus an Dlí maidir leis an Oifig um Éilliú agus Coireacht Eagraithe a Dhíchur i bhfeidhm. Ós rud é gur gá na héifeachtaí sa chleachtas a bhaint amach fós, moltar don Chróit *bearta a dhéanamh chun cuntas teiste a fhorbairt a thuilleadh maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha éifeachtacha i gcásanna éillithe, lena n-áirítear éilliú ardleibhéil, lena n-áirítear trí inniúlachtaí teicniúla speisialaithe a fheabhsú a thuilleadh.*
- Ós rud é go bhfuil rátaí rialaithe na ndearbhuithe sócmhainní fós íseal mar thoradh ar struchtúir sonraí neamhréireacha neamh-inchomparáide lena gcuirtear cosc ar anailís mheaisín, moltar don Chróit *dlús a chur leis na hiarrachtaí digiteála chun fíorú éifeachtach córasach dearbhuithe sócmhainní a áirithiú.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na gcásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail atá dírithe ar iriseoirí, i bhfianaise theacht i bhfeidhm an dlí maidir le Cosaint Daoine atá Rannpháirteach i nGníomhaíochtaí Poiblí, cé go bhfuil dúshlán fós ann. Dá bhrí sin, moltar don Chróit *an raon gcoimircí atá ar fáil a leathnú chun feabhas a chur ar chosaint iriseoirí, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha dlíthiúla maidir le clúmhillleadh agus trí úsáid níos leithne rialacha nós imeachta a spreagadh lena fheidir cásanna dlí gan bhunús a dhíbhe, agus na caighdeáin Eorpacha maidir le hiriseoirí a chosaint a gcur san áireamh.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn déanta chun an creat dlíthiúil agus na sásraí formhaoirseachta a neartú chun leithdháileadh cothrom trédhearcach fógraíochta stáit a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear an nós imeachta tairisceana poiblí, toisc gur leasaíodh an reachtaíocht, agus tá an treoraíocht oibríochtúil atá le glacadh ag rialtóir na meán fós gan réiteach. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghníomh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA hIODÁILE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtúlacht an chórais ceartais á meabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn mór breise déanta maidir leis an gcóras digiteach bainistithe cásanna le haghaidh oifigí cúirteanna coiriúla agus ionchúisitheoirí a chur i gcrích, ós rud é go bhfuil an sreabhadh oibre trialach coiriúla céadchéime digiteálaithe go hiomlán anois. Ós rud é go bhfuil roinnt nósanna imeachta fós le digiteáil, moltar don Iodáil *an córas digiteach bainistithe cásanna a chur i gcrích i ngach cás*.
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn breise ar an togra reachtach atá ar feitheamh maidir le coinbhleachtaí leasa agus tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le rialacha cuimsitheacha a ghlacadh i ndáil le brústocaireacht chun clár brústocaireachta oibríochtúil a bhunú toisc gur glacadh dréacht-dlí maidir le brústocaireacht i dTeach na dTeachtaí agus go bhfuil measúnú á dhéanamh ag an Seanad air. Dá bhrí sin, moltar don Iodáil *iarrachtaí reachtach a thabhairt ar aghaidh chun coinbhleachtaí leasa a rialáil go córasach agus rialacha cuimsitheacha a ghlacadh maidir le brústocaireacht agus clár brústocaireachta oibríochtúil a bhunú*.
- Níl aon dul chun cinn déanta chun aghaidh a thabhairt ar an gcleachtas síntiúis a threorú trí fhondúireachtaí polaitiúla agus trí chomhlachais pholaitiúla agus clár leictreonach aonair a thabhairt isteach le haghaidh faisnéis faoi mhaoiniú páirtithe agus feachtas, ós rud é nár pléadh go fóill na dréacht-dlíthe a cuireadh síos sa Pharlaimint. Dá bhrí sin, moltar don Iodáil *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an gcleachtas síntiúis a threorú trí fhondúireachtaí polaitiúla agus trí chomhlachais pholaitiúla agus clár leictreonach aonair a thabhairt isteach le haghaidh faisnéis faoi mhaoiniú páirtithe agus feachtas*.
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn sa phróiseas reachtach maidir leis an dréacht-athchóiriú ar chlúmhilleadh, ar chosaint na rúndachta gairmiúla agus ar fhoinsí iriseoireachta. Dá bhrí sin, moltar don Iodáil *an t-athchóiriú ar chlúmhilleadh a thabhairt chun cinn agus saoirse an phreasa á ráthú san am céanna, agus caighdeán Eorpacha maidir le hiriseoirí a chosaint á gcur san áireamh*.
- Tá dul chun cinn teoranta déanta chun Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine a bhunú, ós rud é go ndearnadh na chéad chéimeanna chun an tionscnamh a athsheoladh agus go bhfuil dréacht-dlíthe éagsúla fós ar feitheamh sa Pharlaimint. Dá bhrí sin, moltar don Iodáil *Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine a bhunú agus Prionsabail Pháras na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh*.

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Rinneadh roinnt dul chun cinn breise chun a áirithiú go bhfuil rialacha nó sásraí i bhfeidhm chun cistiú a sholáthar do na meáin seirbhíse poiblí atá íomchuí chun a sainchúram seirbhíse poiblí a bhaint amach agus chun a neamhspleáchas a ráthú, de réir mar a rinneadh dul chun cinn san obair pharlaiminteach ar bhille athchóirithe. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta

d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiríteofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA CIPIRE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtúlacht an chórais ceartais a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta breise déanta maidir le hathchóiriú na hOifige Dlí agus maidir le hathbhreithniú éifeachtach a bhunú ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh nó scor d'imeachtaí. Ós rud é go bhfuil dréacht-reachtaíocht ábhartha fós ar feitheamh os comhair na Parlaiminte, moltar don Chipir *an t-athchóiriú leanúnach ar Oifig an Dlí agus bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí a thabhairt chun críche agus athbhreithniú éifeachtach a bhunú ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh nó scor d'imeachtaí, lena n-áirítear i gcás cionta gan íospartach, agus caighdeán Eorpacha maidir le neamhspleáchas agus uathriaíl an ionchúisimh á gcur san áireamh.*
- Is cúis mhór inni i gcónaí é fad na n-imeachtaí cúirte agus tá moill ar bhunú Seirbhíse Cúirte neamhspleáiche chun riarachán cúirte a chuíchóiriú. Moltar don Chipir *pleananna a thabhairt ar aghaidh chun Seirbhís Chúirte neamhspleách a bhunú d'fhonn éifeachtúlacht an cheartais a fheabhsú.*
- Tá dul chun cinn mór déanta maidir leis an athchóiriú reachtach chun an tÚdarás Neamhspleách i gcoinne an Éillithe a neartú agus chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní daonna agus teicniúla aige chun a chúram a chomhlíonadh go héifeachtach, ós rud é gur glacadh reachtaíocht nua maidir le hearcaíocht. Chun Údarás Neamhspleách i gcoinne an Éillithe lán-éifeachtach a áirithiú, tá gá fós le bearta breise. Chun aghaidh a thabhairt air sin, moltar don Chipir *éifeachtacht oibriochtúil an Údaráis Neamhspleách in aghaidh an Éillithe a fheabhsú.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn déanta chun (i) a áirithiú go ndéanann an stát agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit dáileadh cothrom trédhearcach caiteachais fógraíochta agus (ii) na rialacha agus na sásraí a neartú chun rialachas neamhspleách na meán seirbhíse poiblí a fheabhsú, ós rud é go bhfuil dréacht-reachtaíocht curtha síos. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an dá mholadh seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.
- Tá dul chun cinn mór déanta maidir le coimircí a thabhairt isteach sa nós imeachta ceapacháin don Ard-Iniúcháir agus don Leas-ArdIniúcháir chun a neamhspleáchas a fheabhsú, agus téarma seasta neamh-inathnuaite 8 mbliana agus critéir cháilíochta níos déine á mbunú chun iad a cheapadh. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí breise sa réimse sin sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA LAITVIA

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha, agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Rinneadh roinnt dul chun cinn chun coimircí leordhóthanacha a áirithiú in aghaidh tionchar polaitiúil míchuí sa nós imeachta ceapacháin do bhreithiúna na Cúirte Uachtaraí, ós rud é gur foilsíodh dréacht-dlí lena gceadaítear agóidí i gcoinne cinntí parlaiminteacha lena ndiúltaítear d'iarrthóir agus gur cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte é lena bhreithniú. Ós rud é go bhfuil an t-athchóiriú fós le glacadh, moltar don Laitvia an *próiseas reachtach a thabhairt ar aghaidh chun coimircí leordhóthanacha a áirithiú i gcoinne tionchar polaitiúil míchuí sa nós imeachta ceapacháin do bhreithiúna na Cúirte Uachtaraí, agus caighdeáin Eorpacha maidir le ceapacháin bhreithiúnacha á gcur san áireamh.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta chun cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta maidir le brústocaireacht a áirithiú, ós rud é gur bunaíodh liosta deonach sealadach d'ionadaithe leasa. Ós rud é gur cuireadh moill ar bhunú an Chláir thiomnaithe um Ionadaíocht Leasa agus go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí fós teoranta, moltar don Laitvia *cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta maidir le brústocaireacht a áirithiú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gclár brústocaireachta eatramhach speisialta.*

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA LIOTUÁINE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta chun an t-athchóiriú ar na córais cúnamh dhlíthiúil a chur chun cinn, ós rud é gur cuireadh an plé maidir le leibhéal luacha saothair na soláthraithe cúnamh dhlíthiúil ar fionraí agus go bhfuil sé beartaithe na hathruithe atá beartaithe chun an t-ualach riaracháin ar sholáthraithe cúnamh dhlíthiúil a laghdú a sheoladh in 2026. Moltar don Liotuáin dá bhrí sin *an t-athchóiriú ar an gcóras um chúnamh dlíthiúil a thabhairt chun críche, go háirithe trí choinníollacha leordhóthanacha a áirithiú do rannpháirtíocht na soláthraithe cúnamh dhlíthiúil, agus caighdeán Eorpacha maidir le cúnamh dlíthiúil á gcur san áireamh.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le dlús a chur le hiarrachtaí feabhas a chur ar thrédhearcacht chóras na gceapachán chuig poist bhreithiúnacha, go háirithe chuig an gCúirt Uachtarach, ós rud é gur thíolaic an mheitheal a bhfuil sé de chúram uirthi athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcóras a mholadh a conclúidí agus go bhfuil leasuithe beartaithe á n-ullmhú. Dá bhrí sin, moltar don Liotuáin *dlús a chur leis na hiarrachtaí feabhas a chur ar thrédhearcacht chóras na gceapachán chuig poist bhreithiúnacha agus caighdeán Eorpacha maidir le ceapacháin bhreithiúnacha á gcur san áireamh, go háirithe trí obair leantach a dhéanamh ar na tograí a chuir an mheitheal a cruthaíodh chun na críche sin ar aghaidh.*

MOLTAÍ LE hAGHAIDH LUCSAMBURG

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le himeachtaí sibhialta, coiriúla agus riaracháin a dhigiteáil, ós rud é gur bunaíodh coiste bainistíochta chun tionscnaimh digiteála a chomhordú agus gur leagadh síos garspriocanna d'imeachtaí cúirte sibhialta, coiriúla agus riaracháin agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme. Ós rud é go bhfuil gá le céimeanna breise chun digiteáil an chórais ceartais a chur chun cinn, moltar do Lucsamburg *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun digiteáil imeachtaí sibhialta, coiriúla agus riaracháin a fhorbairt a thuilleadh.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta chun an t-athchóiriú ar an gcreat dlíthiúil maidir le nochtadh doiciméad oifigiúil a thabhairt chun críche, i bhfianaise tuilleadh oibre reachtaí ar an athchóiriú ábhartha. Dá bhrí sin, moltar do Lucsamburg *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an t-athchóiriú ar an gcreat dlíthiúil maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla a thabhairt chun críche, agus caighdeáin Eorpacha á gcur san áireamh.*

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA hUNGÁIRE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha, agus chomh maith le meabhrú a dhéanamh ar an oibleagáid na rialuithe ó CBAE a bhaineann leis an smacht reachta agus na nósanna imeachta um shárú a bhaineann leis an smacht reachta dá dtagraítear sa chaibidil tíre a chomhlíonadh, ar mheasúnú an Choimisiúin faoin gcóras ginearálta coinníollachta, ar na hábhair imní ábhartha a cuireadh in iúl i nós imeachta Airteagal 7(1) CAE arna thionscnamh ag Parlaimint na hEorpa, ar na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ar na moltaí tírshonracha faoin Seimeastar Eorpach maidir leis an gcreat frithéillithe agus cáilíocht agus trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta a threisiú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le trédhearcacht na gcóras leithdháilte cásanna i gcúirteanna céime ísle, ós rud é go raibh an rialtas roimhe sin teoranta d'aghaidh a thabhairt ar easnaimh sna rialacha maidir le leithdháileadh cásanna ar leibhéal *Kúria*. Dá bhrí sin, moltar don Ungáir *feabhas a chur ar thrédhearcacht na gcóras leithdháilte cásanna i gcúirteanna ar chéim níos ísle, agus caighdeán Eorpacha maidir le leithdháileadh cásanna á gcur san áireamh.*
- Níl aon dul chun cinn breise déanta go fóill chun a áirithiú go ndéanfar an méadú leanúnach ar thuarastail breithiúna, ionchúisitheoirí agus foirne breithiúnaí agus ionchúisimh ar bhealach struchtúrtha. Moltar don Ungáir dá bhrí sin *bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an méadú leanúnach ar luach saothair na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí agus na foirne breithiúnaí agus ionchúisí ar bhealach struchtúrtha, agus caighdeán Eorpacha maidir le luach saothair don chóras ceartais á gcur san áireamh.*
- Ós rud é gur glacadh reachtaíocht nua lena ndéantar tuilleadh forbartha ar chóras na ndearbhuithe sócmhainní, tá an moladh chun tuilleadh feabhais a chur ar chóras na ndearbhuithe sócmhainní agus chun foráil a dhéanamh maidir le formhaoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach curtha chun feidhme ina iomláine. Níl aon dul chun cinn déanta go fóill maidir le hathchóirithe reachtacha cuimsitheacha a chur chun cinn maidir le brústocaireacht agus doirse imrothlacha. Ós rud é nár tugadh aghaidh ar na bearnaí sin sna rialacha ionracais go fóill, moltar don Ungáir *an creat ionracais a neartú trí athchóirithe reachtacha cuimsitheacha a ghlacadh maidir le brústocaireacht agus doirse imrothlacha.*
- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le cuntas teiste láidir a bhunú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcásanna éillithe ardleibhéil, ós rud é nach bhfuil na hathruithe dearfacha a tionscnaíodh le déanaí sa chreat frithéillithe tagtha i bhfeidhm go fóill. Dá bhrí sin, moltar don Ungáir *bearta breise a dhéanamh chun cuntas teiste a áirithiú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcásanna éillithe ardleibhéil.*
- Rinneadh roinnt dul chun cinn chun a áirithiú nach mbeidh aon bhacainn ar obair eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus chun spás sibhialta sábháilte cumasúcháin a chothú, i bhfianaise bearta amhail deireadh a chur leis an Oifig um Chosaint Ceannasachta, agus níor aisghaireadh reachtaíocht lena gcuirtear bac ar a n-acmhainneacht oibre. Dá bhrí sin, moltar don Ungáir *a áirithiú a thuilleadh nach mbeidh aon bhacainn ar obair eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí reachtaíocht a chuireann bac ar a n-acmhainneacht oibre a aisghairm, agus spás sibhialta sábháilte cumasúcháin a chothú a thuilleadh.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le sásraí a thabhairt isteach chun neamhspleáchas feidhmiúil údarás rialála na meán a fheabhsú, agus caighdeáin Eorpacha maidir le neamhspleáchas rialtóirí na meán á gcur san áireamh, i bhfianaise na reachtaíochta a rinneadh le déanaí lenar tugadh isteach athchóirithe sa réimse sin.
- Níl aon dul chun cinn déanta go fóill chun a áirithiú go ndáilfidh an stát agus cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit an caiteachas fógraíochta go cothrom agus go trédhearcach, ós rud é nár moladh aon bheart reachtach ná aon bheart eile.
- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir leis na rialacha agus na sásraí a neartú chun feabhas a chur ar rialachas neamhspleách agus neamhspleáchas eagarthóireachta mheáin na seirbhíse poiblí agus caighdeáin Eorpacha maidir le meáin na seirbhíse poiblí á gcur san áireamh, i bhfianaise na reachtaíochta a rinneadh le déanaí lenar tugadh isteach athchóirithe sa réimse sin.

Ós rud é go gcumhdaítear ábhair na dtrí mholadh thuas le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH MHÁLTA

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtúlacht an chórais ceartais a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Níl aon dul chun cinn breise déanta maidir leis an athchóiriú a cuireadh síos chun na breithiúna a rannpháirtiú sa nós imeachta chun an Príomh-Bhreitheamh a cheapadh, de réir mar a lean an díospóireacht pholaitiúil ar aghaidh. Ós rud é go bhfuil an t-athchóiriú fós ar feitheamh, moltar do Mhálda *athchóirithe a thabhairt ar aghaidh d'fhonn na breithiúna a rannpháirtiú sa nós imeachta chun an Príomh-Bhreitheamh a cheapadh, agus caighdeán Eorpacha maidir le ceapacháin bhreithiúnacha á gcur san áireamh.*
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn breise maidir le dlús a chur leis na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht an cheartais a fheabhsú, go háirithe chun fad na n-imeachtaí a laghdú, rud atá fós ina ábhar imní. Dá bhrí sin, moltar do Mhálda *tionscnaimh a thabhairt ar aghaidh chun acmhainní a mhéadú, nósanna imeachta cúirte a athchóiriú, agus digiteáil a chur chun cinn d'fhonn éifeachtúlacht an cheartais a fheabhsú.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le fad na n-imscrúduithe ar chásanna éillithe ardleibhéil, ós rud é gur lean na Póilíní agus an tArd-Aighne dá n-acmhainní a mhéadú agus d'imscrúduithe agus ionchúisimh nua a sheoladh. Níl aon dul chun cinn déanta maidir le cuntas teiste láidir a bhunú maidir le breithiúnais chríochnaitheacha i bhfianaise an riaráiste ard de chásanna cúirte atá ar feitheamh, ualach oibre na mbreithiúna agus na foirne teoranta de cheathrar giúistísí a láimhseálann réamhfhosrúcháin. Moltar do Mhálda dá bhrí sin *dlús a chur le hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le fad na n-imscrúduithe ar chásanna éillithe ardleibhéil, agus chun cuntas teiste láidir a bhunú maidir le breithiúnais chríochnaitheacha.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le coimircí reachtacha breise agus coimircí eile a ghlacadh chun feabhas a chur ar thimpeallacht oibre iriseoirí, lena n-áirítear maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla, i bhfianaise comhairliúchán poiblí a bheith déanta agus córas ríomhbhainistíochta a bheith ag feidhmiú. Ós rud é go bhfuil dúshláin fós ann, moltar do Mhálda *coimircí reachtacha a ghlacadh chun feabhas a chur ar thimpeallacht oibre iriseoirí agus ar rochtain ar dhoiciméid, agus caighdeán Eorpacha maidir le cosaint iriseoirí agus maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla á gcur san áireamh.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le creat foirmiúil a thabhairt isteach le haghaidh rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas reachtach, ós rud é gur bhunaigh an Rialtas Roinn Comhairliúcháin Phoiblí. Ós rud é go bhfuil athchóirithe reachtacha fós ar feitheamh, moltar do Mhálda *creat foirmiúil a thabhairt isteach le haghaidh rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas reachtach.*
- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le bearta a thabhairt ar aghaidh chun Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine a bhunú agus Prionsabail Pháras na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh, ós rud é go bhfuil bille fós á ullmhú. Dá bhrí sin, moltar do Mhálda *Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine a bhunú agus Prionsabail Pháras na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir leis na rialacha agus na sásraí a neartú chun feabhas a chur ar rialachas neamhspleách agus neamhspleáchas eagarthóireachta mheáin na seirbhíse poiblí agus caighdeáin Eorpacha maidir le meáin na seirbhíse poiblí á gcur san áireamh, i bhfianaise achtú na reachtaíochta lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe áirithe den tsaincheist sin. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ hAGHAIDH NA hÍSILTÍRE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta chun rialacha trédhearcachta níos déine a bhunú maidir le brústocaireacht d'fheisirí Rialtais agus d'fheisirí Parlaiminte, ós rud é gur fhógair an Rialtas go bhfuil sé ar intinn aige clár trédhearcachta a thabhairt isteach. Moltar don Ísiltír *forálacha reachtacha a chur i bhfeidhm chun rialacha trédhearcachta níos déine a bhunú maidir le brústocaireacht d'fheisirí Rialtais agus d'fheisirí Parlaiminte.*
- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir leis an athchóiriú atá beartaithe ar mheáin na seirbhíse poiblí a thabhairt ar aghaidh chun feabhas a chur ar a rialachas agus ar a cumas caighdeáin iriseoireachta a chaomhnú, agus tá obair ullmhúcháin ar siúl chun meáin na seirbhíse poiblí a athchóiriú agus tá dréacht-dlí maidir le craoltóirí poiblí áitiúla os comhair na Parlaiminte faoi láthair. Ós rud é go gcumhdaítear codanna den mholadh seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiríteofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM. I bhfianaise an mhéid sin, moltar don Ísiltír *a hobair a thabhairt chun cinn maidir le seasamh le caighdeáin iriseoireachta ag na meáin seirbhíse poiblí.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn mór déanta maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre sa chóras ceartais agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais foirne toisc gur cuireadh cistí breise ar fáil agus gur thosaigh bearta chun an t-ualach oibre a laghdú ag teacht chun cinn. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí breise sa réimse sin sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta.
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir leis na tograí ón gCoimisiún Stáit um an Smacht Reachta a thabhairt chun cinn chun cultúr an smachta reachta a neartú mar thoradh ar chistí breise a bheith ar fáil agus ar thoilteanas leanúint den idirphlé idir cumhachtaí stáit. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí breise sa réimse sin sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta.

MOLTAÍ hAGHAIDH NA hOSTAIRE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Níl aon dul chun cinn déanta chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le rannpháirtíocht na mbreithiúna i gceapadh uachtaráin nó leas-uachtaráin cúirteanna riaracháin. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise na n-ábhar inní leanúnach, moltar don Ostair *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le rannpháirtíocht na mbreithiúna sna nósanna imeachta chun uachtaráin chúirte cúirteanna riaracháin a cheapadh, agus caighdeáin Eorpacha maidir le ceapacháin bhreithiúnacha agus roghnú uachtaráin na gcúirteanna á gcur san áireamh.*
- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le hOifig Ionchúisimh Chónaidhme neamhspleách a bhunú, ós rud é gur tíolacadh dréacht-athchóiriú agus gur cuireadh faoi bhráid comhairliúchán poiblí é. Moltar don Ostair dá bhrí sin *an t-athchóiriú a thabhairt ar aghaidh chun Oifig Ionchúiseamh Cónaidhme neamhspleách a bhunú, agus caighdeáin Eorpacha maidir le neamhspleáchas agus uathriail an ionchúisimh á gcur san áireamh, lena n-áirítear oibriú neamhspleách an ionchúisimh speisialaithe frithéillithe a áirithiú.*
- Níl aon dul chun cinn breise déanta chun rialacha a thabhairt isteach maidir le sócmhainní agus leasanna a nochtadh d’Fheisirí Parlaiminte ós rud é nach ndearnadh aon bheart faoin tréimhse reachtach nua chun an t-ábhar a chur chun cinn ón bplé deireanach a rinne grúpaí parlaiminteacha maidir le rialacha den sórt sin a thabhairt isteach i mí na Bealtaine 2025. Dá bhrí sin, moltar don Ostair *rialacha éifeachtacha a thabhairt isteach maidir le dearbhú sócmhainní agus leasanna d’Fheisirí Parlaiminte, lena n-áirítear sásraí éifeachtacha faireacháin agus smachtbhannaí.*
- Níl aon dul chun cinn déanta chun an creat brústocaireachta a neartú toisc nach ndearnadh aon bheart chun raon feidhme chur i bhfeidhm na reachtaíochta brústocaireachta agus na hoibleagáidí chun faisnéis a chomhroinnt go poiblí sa chlár trédhearcachta a leathnú. Dá bhrí sin, moltar don Ostair *togra reachtach a ghlacadh chun an creat maidir le brústocaireacht a neartú, lena n-áirítear an clár trédhearcachta.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn mór déanta chun bearta a dhéanamh chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí a áirithiú a mhéid a bhaineann le dáileadh cothrom na fógraíochta stáit, i bhfianaise ghlacadh na reachtaíochta agus na dtreoirlínte rialtais lena rialaítear an t-ábhar. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d’fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d’fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA POLAINNE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith le meabhrú a dhéanamh ar an oibleagáid na rialuithe a bhaineann leis an smacht reachta ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an nós imeachta um shárú a bhaineann leis an smacht reachta dá dtagraítear sa chaibidil tíre a chomhlíonadh chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an Smacht Reachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus leis an mBinse Bunreachtúil, toisc gur lean an Rialtas dá obair ar dhréacht-dlíthe arb é is aidhm dóibh neamhspleáchas breithiúnach a neartú, agus toisc gur ceapadh breithiúna mar chomhaltaí de Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna, lena n-áirítear a bhformhór as measc breithiúna a réamhroghnaigh a bpiaraí. Dá bhrí sin, moltar don Pholainn *leanúint den phróiseas chun an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme*.
- Tá dul chun cinn teoranta breise déanta maidir leis an moladh an t-athchóiriú a thabhairt ar aghaidh chun oifig an Aire Dlí agus Cirt a dheighilt ó oifig an Phríomh-Ionchúisitheora agus chun neamhspleáchas feidhmiúil na seirbhíse ionchúisimh ar an Rialtas a áirithiú toisc go bhfuil tuilleadh dul chun cinn ag brath anois ar obair reachtach atá ar siúl maidir le forálacha foreachtúla lena ndéanfaí feidhmiú na n-aonad ionchúisimh a choigeartú laistigh den chóras nua atá beartaithe. Moltar don Pholainn dá bhrí sin *an t-athchóiriú a thabhairt ar aghaidh chun feidhm an Aire Dlí agus Cirt a scaradh ó fheidhm an Phríomh-Ionchúisitheora agus a áirithiú go mbeidh feidhmiú na seirbhíse ionchúisimh neamhspleách ar an Rialtas*.
- Níl aon dul chun cinn déanta chun rialacha a thabhairt isteach maidir le brústocaireacht, agus tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le córas caighdeánaithe ar líne le haghaidh dearbhuithe sócmhainní oifigeach poiblí agus feisirí Parlaiminte, ós rud é gur fhógair an rialtas go bhfuil sé ar intinn aige an córas a athchóiriú. Dá bhrí sin, moltar don Pholainn *rialacha a thabhairt isteach maidir le brústocaireacht agus córas caighdeánaithe ar líne le haghaidh dearbhuithe sócmhainní oifigeach poiblí agus feisirí Parlaiminte agus fíorú éifeachtach á áirithiú san am céanna*.
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le himscrúduithe agus ionchúisimh éillithe atá neamhspleách agus éifeachtach a áirithiú, agus níl aon dul chun cinn déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar raon feidhme leathan na ndíolúintí do na príomhfheidhmeannaigh agus maidir le deireadh a chur le clásail maidir le saoirse ó phionós. Moltar don Pholainn dá bhrí sin *leanúint le hiarrachtaí imscrúduithe agus ionchúisimh atá neamhspleách agus éifeachtach a áirithiú, aghaidh a thabhairt ar raon feidhme leathan na ndíolúintí do na príomhfheidhmeannaigh agus clásail maidir le saoirse ó phionós a bhaint chun go mbeifear in ann cuntas teiste láidir a choinneáil maidir le cásanna ardleibhéil éillithe*.
- Rinneadh roinnt dul chun cinn breise chun a áirithiú go gcloífear le nósanna imeachta cothroma, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha maidir le ceadúnais oibríochta a dheonú d'eagraíochtaí meán, ós rud é gur cuireadh dréacht-bhille i láthair agus go ndearnadh comhairliúchán poiblí air. Dá bhrí sin, moltar don Pholainn *leanúint de na hiarrachtaí reachtacha a chur chun cinn chun athchóirithe a thabhairt chun críche chun a áirithiú go gcloífear le nósanna imeachta cothroma, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha maidir le ceadúnais oibríochta a dheonú d'eagraíochtaí meán*.

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le hathchóirithe a thabhairt chun cinn chun creat reachtach éifeachtach a áirithiú do rialachas neamhspleách agus neamhspleáchas eagarthóireachta na meán seirbhíse poiblí, ós rud é gur tíolacadh dréacht-bhille agus go ndearnadh an comhairliúchán poiblí air. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta chun feabhas a chur ar an gcreat ina bhfeidhmíonn an tsochaí shibhialta, agus caighdeáin Eorpacha maidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta á gcur san áireamh, ós rud é go bhfuil obair reachtach ar siúl chun leasú a dhéanamh ar an dlí lena rialaítear gníomhaíochtaí leasa phoiblí agus obair dheonach. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí breise sa réimse sin sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA PORTAINGÉILE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus na moltaí tírshonracha faoin Seimeastar Eorpach maidir le héifeachtúlacht na gcúirteanna riaracháin agus cánach a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Ní dhearnadh aon dul chun cinn eile chun éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú, go háirithe éifeachtúlacht na gCúirteanna Riaracháin agus Cánach, ós rud é go bhfuil éifeachtúlacht na gcúirteanna sin tar éis dul in olcas a thuilleadh. Dá bhrí sin, i bhfianaise na n-ábhar inní freisin go bhfuil tionchar ag na dálaí agus an tslándáil atá ag dul in olcas in áitribh chúirte agus ionchúisimh ar fheidhmiú na gcúirteanna, moltar don Phortaingéil *dlús a chur leis na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú, lena n-áirítear trí bhonneagar agus trealamh leordhóthanach a áirithiú i bhfoirgnimh chúirte agus ionchúisimh.*
- Ós rud é go bhfuil dúshláin fós ann maidir le leibhéal cuimsitheach digiteála a áirithiú, moltar don Phortaingéil *bearta breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar dhigiteáil an cheartais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar fhoilsiú ar líne agus ar inrochtaineacht dhigiteach breithiúnas agus trí aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a dhéanann difear don chóras bainistithe cásanna.*
- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le brústocaireacht a rialáil, ós rud é gur glacadh dlí maidir le brústocaireacht. Ós rud é go bhfuil gá le tuilleadh céimeanna cur chun feidhme agus go bhfuil clár brústocaireachta fós le bunú, moltar don Phortaingéil *cruthú agus cur i bhfeidhm tapa na clárlainne brústocaireachta poiblí a áirithiú, lena n-áirítear trí na hacmhainní is gá a sholáthar chun go bhfeidhmeoidh sí go héifeachtach.*
- Tá roinnt dul chun cinn déanta chun na hathchóirithe a thabhairt chun críche chun trédhearcacht na reachtóireachta a fheabhsú, go háirithe maidir le huirlisí measúnaithe tionchair a chur chun feidhme, ós rud é go bhfuil bearta nua á gcur chun feidhme ag an bParlaimint, cé go bhfuil céimeanna fós ar feitheamh chun an córas ‘lorg reachtach’ a chur chun feidhme, agus tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i dtionscnaimh reachtacha Rialtais agus i measúnuithe tionchair *ex post* fós teoranta. Dá bhrí sin, moltar don Phortaingéil *feabhas a chur ar thrédhearcacht na reachtóireachta ar leibhéal an Rialtais, go háirithe maidir le huirlisí measúnaithe tionchair a chur chun feidhme.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn mór déanta maidir le bearta a thabhairt ar aghaidh chun leordhóthanacht na reachtaíochta ginearálta maidir le nós imeachta coiriúil a áirithiú chun déileáil go héifeachtúil le himeachtaí coiriúla casta, ós rud é go bhfuil bearta nua chun éifeachtúlacht a fheabhsú i nósanna imeachta coiriúla casta á bplé sa Pharlaimint. Leanfar d’fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí breise sa réimse sin sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA RÓMÁINE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir le hintuarthacht agus cáilíocht na cinnteoireachta a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Leantar de na Dlíthe Ceartais a chur chun feidhme agus chuidigh siad le feabhas a chur ar an gcreat reachtach le haghaidh neamhspleáchas agus fheidhmiú na mbreithiúna, agus cuireadh machnamh ar ghnéithe éagsúla a bhaineann leis na breithiúna ar feitheamh tar éis cinneadh ón Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas. Dá bhrí sin, moltar don Rómáin *an mheastóireacht ar chur chun feidhme na nDlíthe Ceartais a thabhairt ar aghaidh i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bearta chun éifeachtacht agus rialachas na mbreithiúna a fheabhsú a thuilleadh.*
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn go fóill maidir le coimircí a neartú chun neamhspleáchas na n-ionchúisitheoirí ardchéime a áirithiú agus maidir le heagrú agus feidhmiú na bpóilíní breithiúnacha, ós rud é gur cuireadh an machnamh ar ghnéithe éagsúla a bhaineann leis na breithiúna ar feitheamh. Dá bhrí sin, moltar don Rómáin *dlús a chur leis an obair reachtach chun coimircí a neartú chun neamhspleáchas ionchúisitheoirí ardchéime a áirithiú agus chun na póilíní breithiúnacha a eagrú agus a fheidhmiú.*
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn breise chun a áirithiú go ndéanfar cionta éillithe sna breithiúna a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, ós rud é nach ndearnadh aon bheart chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá fós ann. Moltar don Rómáin *bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar cionta coiriúla a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach i measc na mbreithiúna, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cionta éillithe.*
- Rinneadh an moladh chun rialacha a thabhairt isteach maidir le brústocaireacht d'fheisirí Parlaiminte a chur chun feidhme go hiomlán toisc gur glacadh dlí nua i mí na Samhna 2025 lena gcuirtear d'oibleagáid ar ionadaithe agus ar sheanadóirí cruinnithe le tríú páirtithe maidir le tionscnaimh reachtacha a chlárú. Tá roinnt dul chun cinn déanta chun éifeachtacht an chórais dearbhaithe sócmhainní a áirithiú, le dréacht-dlí arb é is aidhm dó an creat dlíthiúil ionracais atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta. Dá bhrí sin, moltar don Rómáin *an próiseas reachtach a thabhairt chun críche chun éifeachtacht an chórais dearbhaithe sócmhainní a áirithiú.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir leis an úsáid a bhaintear go minic as reachtanna éigeandála rialtais agus as comhairliúcháin phoiblí éifeachtacha, agus tá roinnt easnamh fós ann sa chleachtas. Moltar don Rómáin dá bhrí sin *dlús a chur leis na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an úsáid a bhaintear go minic as orduithe éigeandála rialtais agus chun comhairliúcháin phoiblí éifeachtacha a áirithiú sula nglacfar reachtaíocht.*
- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le creidiúnú na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, ós rud é go bhfuil cinneadh fós ar feitheamh, agus nár réitigh an Rialtas saincheisteanna maidir le comhlíonadh Phrionsabail Pháras dhá eagraíocht a mhol sé mar Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine. Dá bhrí sin, moltar don Rómáin *an próiseas a thabhairt ar aghaidh chun creidiúnú a fháil do na hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, agus Prionsabail Pháras na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh.*



A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta lena neartaítear na rialacha agus na sásraí chun feabhas a chur ar rialachas neamhspleách agus neamhspleáchas eagarthóireachta na meán seirbhíse poiblí, i bhfianaise bhunú na meithle idir-aireachta ar an ábhar. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA SLÓIVÉINE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis na gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá tuilleadh dul chun cinn teoranta déanta maidir le cuntas teiste a áirithiú i ndáil le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcionta éillithe, ós rud é go bhfuil na torthaí fós measartha maidir le himscrúdú agus measartha maidir le hionchúiseamh agus teacht ar bhreithiúnais chríochnaitheacha, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le héilliú ardleibhéil, cé go bhfuil roinnt iarrachtaí ar siúl chun inniúlachtaí oifige ionchúisimh stáit a neartú. Moltar don tSlóivéin dá bhrí sin *bearta breise a dhéanamh chun cuntas teiste a áirithiú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha i gcás cionta éillithe, lena n-áirítear i gcásanna ardleibhéil.*
- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta chun an próiseas chun coimircí reachtacha agus neamhreachta a ghlacadh a chur chun cinn chun feabhas a chur ar chosaint iriseoirí, ós rud é gur glacadh an tAcht um Bearta Cosantacha in aghaidh Cásanna Straitéiseacha i gCoinne Rannpháirtíocht Phoiblí agus Acht na Meán, cé go bhfuil dúshlán fós ann. Dá bhrí sin, moltar don tSlóivéin *an raon coimircí atá ar fáil a leathnú chun feabhas a chur ar chosaint iriseoirí, agus caighdeán Eorpacha maidir le cosaint iriseoirí á gcur san áireamh.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá tuilleadh dul chun cinn teoranta déanta maidir le hathchóirithe a thabhairt chun críche chun a áirithiú go bhfuil na rialacha nó na sásraí i bhfeidhm chun cistiú a sholáthar do na meáin seirbhíse poiblí atá iomchuí chun a sainchúram seirbhíse poiblí a bhaint amach agus a neamhspleáchas á ráthú san am céanna, ós rud é gur tugadh aghaidh ar dhúshlán airgeadais STA, agus gur tháinig feabhas teoranta ar dhúshlán RTV. Ós rud é go gcumhdaítear ábhar an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiríteofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA SLÓVAICE

Ar an iomlán, ar bhonn na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha agus chomh maith leis an nós imeachta um shárú a bhaineann leis an smacht reachta dá dtagraítear sa chaibidil tíre, gealltanais ábhartha a tugadh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus an moladh tírshonrach faoin Seimeastar Eorpach maidir leis an gcóras breithiúnach, lena n-áirítear a neamhspleáchas, agus éifeachtacht an chreata frithéillithe a mheabhrú, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le bearta chun ráthaíochtaí leordhóthanacha neamhspleáchais a áirithiú a mhéid a bhaineann le comhaltaí Chomhairle na mBreithiúna a dhífhostú, ós rud é gur ullmhaíodh dréacht-leasuithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist a ndífhostaithe roimh am. Ós rud é go bhfuil an próiseas reachtach ar siúl faoi láthair, moltar don tSlóvaic *dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóirithe chun ráthaíochtaí leordhóthanacha neamhspleáchais a áirithiú do Chomhairle na mBreithiúna, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena comhaltaí a bhriseadh as a bpost, agus caighdeán Eorpacha maidir le neamhspleáchas na Chomhairlí na mBreithiúna á gcur san áireamh.*
- Rinneadh dul chun cinn mór maidir lena áirithiú go bhfuil coimircí leordhóthanacha i bhfeidhm agus go n-urramaítear iad agus dliteanas coiriúil á chur ar bhreithiúna as ‘mí-úsáid dlí’ ina gcinntí breithiúnacha, ós rud é gur iarr an rialtas tuairim ó Choimisiún na Veinise ar an ábhar sin. Tar éis na Tuairime sin agus tar éis athruithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Slóvaice a fhorghnó, mhol an Aireacht Dlí agus Cirt dréacht-dlí lena gcuirtear deireadh leis an gcion sin. I bhfianaise na gcoigeartuithe a rinneadh ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Slóvaice, moltar don tSlóvaic *na bearta is gá a dhéanamh chun an choir ‘mí-úsáid dlí’ a aisghairm.*
- Níl aon dul chun cinn déanta maidir le héilliú ardleibhéil a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach chun cuntas teiste láidir a bhunú, ós rud é go bhfuil inni fós ann faoin gcreat frithéillithe agus go bhfuil meath breise tagtha ar an gcumas éilliú ardleibhéil a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I bhfianaise laghdú mór ar an líon cúiseamh, díotálacha agus ciontuithe i gcásanna éillithe agus i bhfianaise chleachtas leanúnach an Ard-Ionchúisitheora cinntí críochnaitheacha póilíneachta agus ionchúisitheora a neamhniú, moltar don tSlóvaic *cuntas teiste láidir a bhunú maidir le cionta éillithe, go háirithe i gcásanna ardleibhéil, lena n-áirítear trí chosc a chur ar aon chur isteach míchuí agus trí shrian a chur le húsáid chumhachtaí an Ard-Ionchúisitheora chun cinntí críochnaitheacha imscrúdaithe agus ionchúisimh a neamhniú.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialáil, ós rud é go ndearnadh céimeanna tosaigh chun dréacht-dlí a ullmhú agus rinneadh roinnt dul chun cinn breise chun rialacha coinbhleachtaí leasa a athchóiriú mar gur glacadh cód iompair neamhcheangailteach do dhaoine a bhfuil ardfheidhmeanna feidhmiúcháin acu agus cód iompair d’fheisirí parlaiminte. Mar sin féin, ní dhearnadh aon dul chun cinn chun an córas dearbhaithe sócmhainní a neartú. Moltar don tSlóvaic dá bhrí sin *tograí a thabhairt isteach chun brústocaireacht a rialáil, an córas dearbhaithe sócmhainní agus fíoraithe a neartú, agus leanúint le hiarrachtaí leanúnacha chun rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a athchóiriú.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le dul chun cinn a dhéanamh maidir le coimircí reachtach agus coimircí eile a bhunú chun sábháilteacht fhisiciúil agus timpeallacht oibre na n-iriseoirí a fheabhsú, lena n-áirítear an t-athchóiriú ar an dlí clúmhille. Moltar don tSlóvaic dá bhrí sin *an próiseas a thabhairt chun cinn chun coimircí reachtach agus eile a bhunú chun feabhas a chur ar shábháilteacht fhisiciúil agus ar thimpeallacht oibre*

iriseoirí, lena n-áirítear an t-athchóiriú ar dhlí an chlúmhille, agus na caighdeáin Eorpacha maidir le hiriseoirí a chosaint á gcur san áireamh.

- *Níl aon dul chun cinn déanta chun comhairliúchán poiblí éifeachtach agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas reachtóireachta a áirithiú, rud a bhíonn ina ábhar imní i gcónaí. Dá bhrí sin, moltar don tSlóvaic próiseas reachtach cuimsitheach trédhearcach a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhairliúchán poiblí éifeachtach agus rannpháirtíocht éifeachtach páirtithe leasmhara sa phróiseas reachtóireachta a áirithiú agus trí aghaidh a thabhairt ar an úsáid a bhaintear go minic as an nós imeachta mear.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Níl aon dul chun cinn déanta maidir leis na rialacha agus na sásraí a neartú chun an rialachas neamhspleách agus neamhspleáchas eagarthóireachta na meán seirbhíse poiblí a athbhunú agus a choimirciú a thuilleadh, agus caighdeáin Eorpacha maidir leis na meáin seirbhíse poiblí á gcur san áireamh. Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA FIONLAINNE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir leis an moladh a bhaineann le breithiúna tuata a cheapadh, ós rud é go leanann an mheitheal um Ráthaíochtaí maidir leis an Smacht Reachta agus Forbairt an Chórais Bhreithiúnaigh de scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist agus meastar go bhfoilseoidh sí meabhrán dá hobair faoi dheireadh 2026. Dá bhrí sin, moltar don Fhionlainn *an t-athchóiriú ar chóras na mbreithiúna tuata a chur chun cinn, agus caighdeán Eorpacha maidir le neamhspleáchas breithiúnach á gcur san áireamh.*
- Ós rud é go bhfuil bearnaí fós ann i ndigiteáil imeachtaí breithiúnacha, moltar don Fhionlainn *bearta breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar dhigiteáil an cheartais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar infhaighteacht uirlisí digiteacha chun imeachtaí ar líne a thionscnamh agus a leanúint.*
- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir leis an gcreat ionracais agus cuntasachta is infheidhme maidir le hairí agus daoine eile a bhfuil na príomhfheidhmeanna feidhmiúcháin de chúram orthu a neartú, ós rud é gur glacadh rialacha iarfhostaíochta d'fheisirí Rialtais agus go mbeartaítear leis an Straitéis Frithéillithe agus leis an bPlean Gníomhaíochta na príomh-threoirilínte frithéillithe agus cur chun cinn ionracais d'airí a thiomsú i ndoiciméad aonair tiomnaithe in 2026. Ós rud é go bhfuil glacadh an chóid iompair fós ar feitheamh, moltar don Fhionlainn *an creat ionracais agus cuntasachta is infheidhme maidir le hairí agus daoine eile a bhfuil na feidhmeanna feidhmiúcháin is airde de chúram orthu a neartú trí chod iompair a ghlacadh dóibh.*
- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir leis an athchóiriú ar an Acht um Oscailteacht Ghníomhaíochtaí Rialtais a thabhairt chun cinn, ós rud é go bhfuil dhá staidéar á gcoimisiúnú agus go bhfuiltear ag súil go gcuirfear meitheal ar bun chun togra reachtach a ullmhú. Ós rud é go bhfuil an t-athchóiriú fós faoi athbhreithniú, moltar don Fhionlainn *dul chun cinn a dhéanamh leis an athchóiriú ar an Acht um Oscailteacht Ghníomhaíochtaí Rialtais chun rochtain éifeachtach ar dhoiciméid a áirithiú agus na caighdeán Eorpacha maidir le rochtain ar dhoiciméid oifigiúla á gcur san áireamh.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir leis an moladh an t-athbhreithniú ar chion coiriúil na breabaireachta eachtraí a thabhairt ar aghaidh, ós rud é gur bunaíodh meitheal chun an reachtaíocht ábhartha a dhréachtú i gcomhthéacs Threoir an Aontais maidir leis an Éilliú a Chomhrac a thrasú. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí breise sa réimse sin sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta.

MOLTAÍ LE HAGHAIDH NA SUALAINNE

Ar an iomlán, ar bhonn ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha á gcur san áireamh, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Níl aon dul chun cinn déanta maidir lena áirithiú go ndéanann córas ainmniúcháin na mbreithiúna tuata a neamhspleáchas a chosaint, ós rud é nár tugadh isteach aon bheart. Ós rud é go bhfuil díospóireacht náisiúnta fós ar siúl maidir le ról na bpáirtithe polaitiúla in ainmniúcháin agus a tionchar ar neamhspleáchas na mbreithiúna tuata, moltar don tSualainn *bearta a dhéanamh chun neamhspleáchas na mbreithiúna tuata a chosaint a mhéid a bhaineann lena n-ainmniú agus lena bhfeidhmiú, agus seasaimh Eorpacha maidir le neamhspleáchas breithiúnach á gcur san áireamh.*
- Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir leis an gcomhrac in aghaidh breabaireachta coigríche, ós rud é go dtugtar isteach roinnt forálacha ábhartha leis an dréacht-reachtaíocht. Ós rud é go bhfuil a ghlacadh ar feitheamh agus nach bhfuil feabhas tagtha ar ionchúiseamh na gcionta sin, moltar don tSualainn *an comhrac in aghaidh na breabaireachta eachtraí a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí fhorfheidhmiú a fheabhsú.*
- Níl aon dul chun cinn déanta chun obair leantach a dhéanamh ar an bhfiosrúchán ar rialacha maidir le doirse imrothlacha. Ós rud é nach bhfuil aon bheart beartaithe i ndáil leis sin, moltar don tSualainn *a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar an meastóireacht ar na rialacha maidir le doirse imrothlacha.*